# Coláiste na bPiarsach

# Ros Muc

# *Polasaí Tinrimh*
# *2019 – 2020*

Tusla — An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach — Child and Family Agency

# Teimpléad don Ráiteas Straitéise i leith Freastal Scoile

| | |
|---|---|
| Ainm na Scoile | Coláiste na bPiarsach |
| Seoladh | Gort Mór, Ros Muc, Co na Gaillimhe |
| Uimhir Rolla | 71380N |
| Fís agu luachanna na scoile i ndáil freastal | Tá an cur síos seo a leanas ar an Ráiteas Straitéise le fáil in Alt 22(1) den Acht Oideachais (Leas) 2000: 'ráiteas maidir leis na straitéisí agus leis na bearta a bheartaíonn sé a ghlacadh chun meas ar an bhfoghlaim a chothú i measc mac léinn atá ag freastal ar an scoil sin agus chun freastal rialta ar scoil ar thaobh na mac léinn sin a spreagadh'.<br><br>Sí an aidhm atá againn ná timpeallacht foghlama a chruthú le gnéithe intleachtúla, fisiciúla, morálta, spioradálta, aeistéiticiúla agus mothúchánacha do gach scoláire a fhorbairt agus na scoláirí a spreagadh chun an sprioc is airde a bhaint amach ar son a leasa pearsanta féin agus a bpobal ar scoil trí:<br><br>• Freastal scoile rialta a ghriosú<br>• Tacaíocht a thabhairt i leith tinreamh<br>• Leibhéil freastal scoile a ardú agus chur chun cinn sa suíomh scoile, droch chleachtais tinrimh a sheachaint, teacht roimh dheacrachtaí freastail go luath agus na tacaíochtaí cuí a chur i bhfeidhm i leith dhaltaí ar léiríodh imní ina leith maidir le cúrsaí tinrimh. |
| Ionchais mhóra na scoile i dtaobh freastail | Is iad príomhchuspóirí Choláiste na bPiarsach cuir ina luí ar scoláirí, tuismitheoirí / caomhnóirí agus pobal uile na scoile, an rath a bhaineann le dea-fhreastal scoile. Aithníonn Coláiste na bPiarsach go bhfuil ceangal láidir ag cúrsaí folláine le dea-fhreastal ar scoil. Déantar cúrsaí Folláine a shníomh le curaclam uile na scoile chun atmaisféar taitneamhach agus dearfach a chothú sa scoil.<br><br>• Ní mór go mbeadh páirtíocht tuismitheoirí / caomhnóirí le sonrú i ngach gné de shaol na scoile agus go gcuirfear ina luí othu an ról / tionchar atá acu i gcur chuige dearfach i leith cúrsaí tinrimh a bheith ag a mac / iníon agus an bealach go gcuireann sé le dul chun cinn oideachasúil.<br><br>• Léiriú do scoláirí a ról féin i ndea-fhreastal scoile agus na himpleachtaí a bhaineann leis dá n-oideachas pearsanta féin.<br><br>• Ardú feasachta i measc scoláire ar an tionchar a imíonn asláithreacht ar a gcuid piaraí ranga agus an múinteoir ag iarraidh scoláirí a bheith ar leibhéal céanna. |

| | |
|---|---|
| | • Meabhrú do scoláirí an tábhacht a bhaineann le poncúlacht mhaith a bheith acu agus an tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith aige m.s déanach ar scoil, déanach don rang agus asláithreacht rialta ar a gcuid oideachais féin agus a gcomhscoláirí. |
| Cén chaoi a ndéanfar monatóireacht ar fhreastal | Déanfar monatóireacht ar fhreastal trí:<br><br>• An rolla crua a líonadh go laethúil, mar atá molta i gciorclán 0028/2013<br><br>• An córas VSware – múinteoirí ranga ag glaoch an rolla i ngach rang agus tuairisciú á dhéanamh chuig an mbainistíocht i gcás práinne. Déantar téacs a sheoladh abhaile mura bhfuil comhfhreagras tagtha ón mbaile roimhré i gcás asláithreachta.<br><br>Iarrtar ar mhúinteoirí scoláire atreorú chuig oifig na scoile, sa gcás go mbíonn siad deireanach ag teacht chun na scoile / ranga.<br><br>• An múinteoir teagmhálaí baile agus scoile – monatóireacht á dhéanamh ar nótaí asláithteachta agus ar scoláirí a bheadh i mbaol tuairicithe chuig Tusla.<br><br>• An plean DEIS – tarraingítear ar spriocanna an Phlean Deis ' Conas Tinreamh a Fheabhsú' chun dul i ngleic le cúrsaí tinrimh.<br><br>• Nasc láidir a chothú leis an mbaile – iarrtar ar thuismitheoirí / caomhnóirí úsáid a bhaint as na nótaí asláithreachta sa dialann scoile chun taifead a choinneáil ar chúrsaí tinrimh.<br><br>• Iarrtar ar thuismitheoirí / caomhnóírí I dtaca a mac / iníon an leabhar sínithe amach a shíniú ag fágáil na scoile dóibh i rith an lae |
| Achoimre ar na príomhghnéithe de chur chuige na scoile i leith freastail:<br><br>• Spriocanna a leagan síos agus spriocanna<br>• An cur chuige sa scoile uile<br>• Freastal maith a chur chun cinn<br>• Freagairt do dhrochfhreastal | **Spriocanna a leagan síos & spriocanna –**<br><br>**Conas a leagtar spriocanna síos -**<br><br>• Déantar Spriocanna a phiocadh agus a leagan síos mar pháirt den phlean uilescoile DEIS trí anailís a dhéanamh ar chúrsaí tinrimh a fheabhsú.<br>• Tá ról ag gach múinteoir ranga sa scoile anseo i dtaca leis an múinteoir Teagmhálaí Baile agus foireann bainistíochta na scoile.<br><br>**Spriocanna –**<br><br>• Déanfar iarracht laghdú a theacht ar an líon scoláirí a imíonn luath ón scoil ar chúiseanna éagsúla m.s cúrsaí tinnis, coinní dochtúra agus rl.<br>• Seachnófar nach gcailfidh scoláire níos mó ná fiche lá in aon scoilbhliain.<br><br>**An cur chuige sa scoile uile –**<br><br>• Déanann foireann teagaisc na scoile, scoláirí a mholadh agus a spreagadh i leith dea-thinreamh ar scoil.<br>• Baintear úsáid as rollaí crua, 'VSware', dialann scoláirí agus tarraingítear ar chur chuig an Phlean Deis le dea-thinreamh a chur chun cinn. |

- Tacaíonn an teagmhálaí Baile le monatóireacht a dhéanamh ar thinreamh, maraon le nasc daingean a chothú leis an mbaile.
- Bronntar duais deireadh bliana ar scoláirí nár chaill aon lá scoile ar lá bronnta na nduaiseanna i Mí Bealtaine gach bliain.
- Bíonn ionchur ag an gcoiste cúraim i gcúrsaí asláithreachta agus an féidearthacht ann teacht roimh scoláirí a bheadh i mbaol 20 lá nó os a chionn a chailleadh.
- Baintear úsáid as coistí éagsúla m.s Coiste na Folláine & Comhairle na scoláirí le hardú feasacht a ardú i measc a gcomhscoláirí le cleachtas dearfach a chrúthú i leith dea-thinreamh.

**Freastal maith a chur chun cinn**

- Tuigtear i gColáiste na bPiarsach go bhfuil ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí / caomhnóirí chun freastal maith a chinntiú dár scoláirí. Dá bhrí sin, cuirtear tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas maidir leis an tábhacht a bhaineann le freastal maith nuair a thosaíonn a mac / iníon sa chéad bhliain m.s oíche eolais agus cruinnithe tuismitheoirí / caomhnóirí.
- Déantar tuairisciú ar thinreamh go rialta chuig tuismitheoirí / caomhnóirí i bhfoirm scríbhínn I dtaca torthaí scrúdaithe go rialta i rith na scoilbhliana.
- Iarrtar ar thuismitheoirí / caomhnóirí chuile iarracht a dhéanamh coinní a dhéanamh níos deireanaí ar an Aoine, seachas a bheith ag tógáil leath lae i rith na seachtaine.
- Os a chionn sin, tugtar aitheantas / duais speisialta do scoláirí nár chaill aon lá scoile ag deireadh na scoilbhliana.
- I dtaca an Chlár Críochnú Scoile, cuirtear club bricfeasta, lón te agus staidéar i ndiaidh na scoile ar fáil do scoláirí Choláiste na bPiarsach.
- I dtaca an Clár Críochnú Scoile, cuirtear tacaíocht aonair agus clár meantóireachta ar fáil sa scoil do scoláirí atá i mbaol titim amach as an gcóras.

**Freagairt do dhrochfhreastal**

- Tá ról lárnach ag caidreamh maith idir an scoil agus an baile le freagairt do dhrochfhreastal.
- Tá freagracht ar bhainistíocht na scoile teagmháil a dhéanamh leis an OLO má bhíonn cúis imní maidir le tinreamh scoláire nó má chailleann scoláire 20 lá scoile. Cuirtear tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas go bhfuil an freagracht seo ar bhainstíocht Choláiste na bPiarsach.
- Déanann bainistíocht na scoile i dtaca an mhúinteora Teagmhálaí Baile, comhthadhaill idir an tuismitheoir / caomhnóir agus an OLO. Socraítear cruinnithe agus cuirtear an scoil ar fáil i gcomhair na gcruinnithe seo.
- Tá ról lárnach ag an Múinteoir Teagmhálaí Baile an nasc idir an scoile agus an baile a láidriú trí chuairteanna baile a dhéanamh chun dul i ngleic le drochfhreastal.

| | |
|---|---|
| | Téann bainistíocht na scoile, i dtaca an Mhúinteora Teagmhálaí Baile i dteagmháil leis an gClár Críochnú Scoile chun iarracht a dhéanamh drochfhreastal a sheachaint nó a leasú.<br>• Dul i mbun pléite le daltaí agus le tuismitheoirí go luath m.s nuair a thugtar patrúin ar leith faoi deara<br>• Leas a bhaint as próiseas laistigh den scoil chun tacaíocht ar bhonn aonraic a chur ar fáil.<br>• Iarracht ghníomhach a dhéanamh chun spéis scoláirí a chothú arís. |
| Róil na scoile i ndáil le freastal | **Múinteoirí**<br>• Tá ról ag gach múinteoir ranga I ndáil freastal scoláirí trí mhonatóireacht laethúil a dhéanamh ar a gcuid ranganna, gach iarracht atmaisféar dearfach agus taitneamhach a chrúthú i gColáiste na bPiarsach chun cur le freastal ár scoláirí.<br>• Soláthraíonn siad oideachas ar ard chaighdeán a thacaíonn le rannphháirtíocht, ach go háirithe le daltaí a d'fhéadfadh a bheith i mbaol drochfhreastail.<br>• Úsáid ghníomhach a bhaint as Straitéis Freastail na scoile chun freastal maith a chur chun cinn.<br>• Ionchais mhóra a leagan síos ó thaobh poncúlachta agus freastail ina gcuid seomraí ranga.<br>• Caighdeáin phoncúlachta agus freastail a aontú le daltaí mar chuid de rialacha an tseomra ranga.<br>• Eiseamláir a thabhairt trína bheith poncúil iad féin.<br>• A chinntiú go ndéantar sonraí tinrimh a thaifeadadh go cruinn agus go ndéantar athbhreithniú orthu de réir nósanna imeachta na scoile.<br>• Más rud é go mbíonn na múinteoirí buartha faoi dhaltaí a bheith as láthair, an méid sin a chur in iúl do na baill foirne iomchuí.<br>• Tacú leis an bplean freastail i gcás daltaí a bhfuil deacrachtaí acu freastal ar scoil ar bhonn rialta.<br>• Tacú le daltaí atá tar éis tréimhsí scolaíochta a chailleadh nuair a thagann siad ar ais.<br>• Tá ról ag an gcomhordathóir 'JCSP' i monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar fhreastal scoile agus é / í i mbun sprioc ghrúpa 'JCSP' a aimsiú don scoilbhliain.<br><br>**An Múinteoir Teagmhálaí Baile**<br>• Tá ról ar leith ag an Múinteoir Teagmhálaí Baile i bhfreastal scoile i dtaca bainistíocht na scoile chun caidreamh agus cumarsáid a láidriú idir an scoile agus an baile. |

**Príomhoide na scoile**

- Soláthraíonn Príomhoide na scoile ceannaireacht chun éiteas agus mianach scoile a chruthú a thacaíonn le hardleibhéil rannpháirteachais agus freastail.

- Bíonn Príomhoide na scoile i gceannas ar athbhreithniú agus ar chur i bhfeidhm Straitéis Freastail na scoile.

- Cuireann Príomhoide na scoile socruithe i bhfeidhm chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar An Ráiteas Straitéise faoi Fhreastal Scoile a Fhorbairt.

- Tugann Príomhoide na scoile deiseanna do na baill foirne páirt ghníomhach a ghlacadh i bhforbairt Straitéis Freastail na scoile agus i monatóireacht a dhéanamh uirthi.

- Cuireann an Príomhoide tús le naisc le scoileanna eile agus le comhlachtaí iomchuí maidir le fadhbanna freastail scoile m.sh Clár Críochnú Scoile agus an OLO.

- Cuireann Príomhoide na scoile fadhbanna ar leith maidir le freastal in iúl do Sheirbhísí Leasa Oideachais Tusla agus don Oifigeach Leasa Oideachais iomchuí agus cinntíonn sé nó sí go dtacófar le hobair an Oifigigh Leasa Oideachais le daltaí a bhfuil deacrachtaí ollmhóra freastail acu.

- Cuireann Príomhoide na scoile an doiciméadacht chuí maidir le freastal ar fáil d'oifigigh na ranna Rialtais iomchuí.

**Bord Bainistíocht na scoile**

- Faoi Alt 22 den Acht Oideachais (Leas) 2000, ní mór do Bhord Bainistíochta gach scoile Ráiteas Straitéise faoi Fhreastal Scoile a ullmhú agus a chur faoi bhráid Tusla – An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach. Forálann Alt 22(1) den Acht:

  *'Déanfaidh bord bainistíochta scoile aitheanta, tar éis dul i gcomhairle le príomhoide na scoile sin, leis na múinteoirí atá ag múineadh inti, le tuismitheoirí mac léinn atá cláraithe inti, agus leis an oifigeach leasa oideachais a mbeidh feidhmeanna i ndáil léi sannta dó nó di, ráiteas a ullmhú agus a chur faoi bhráid an Bhoird maidir leis na straitéisí agus leis na bearta a bheartaíonn sé a ghlacadh chun meas ar an bhfoghlaim a chothú i measc mac léinn atá ag freastal ar an scoil sin agus chun freastal rialta ar scoil ar thaobh na mac léinn sin a spreagadh (dá ngairtear "ráiteas straitéise" ina dhiaidh seo san alt seo).'*

- Ba cheart don Bhord Bainistíochta agus don phríomhoide socruithe a dhéanamh le seiceáil cén chaoi a bhfuil an Ráiteas Straitéise i leith Freastal Scoile á chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach agus cén chaoi a bhfuil ag éirí leis.

- Tá freagracht fhoriomlán ar an mBord Bainistíochta as Ráiteas Straitéise na scoile a ullmhú.

- Maraon leis an ról maoirseachta atá aige san obair seo, ba cheart don Bhord ról gníomhach a ghlacadh san obair a bhaineann leis an Ráiteas Straitéise a athbhreithniú agus a fhorbairt.

- Is faoin mBord atá sé a chinntiú go mbíonn na bearta ar fad is gá chun freastal a chur chun cinn agus a chothú, de réir Threoirlínte Freastail na Scoile, i bhfeidhm agus leagtha amach sa Ráiteas Straitéise.

- Ba cheart don Bhord an Ráiteas Straitéise a chur i gcrích go foirmiúil roimh é chur faoi bhráid Seirbhísí Leasa Oideachais Tusla.

**Ról an Tuismitheora/Chaomhnóra**

- **Imlitir 0034/2011**
  Caighdeánú na bliana scoile. Caighdeánaíonn sé na dátaí do shosanna na Nollag, na Cásca agus lár théarma.

- **Imlitir M29/95**
  Am ar Scoil (iarbhunscoileanna)
  Éilítear ar iarbhunscoileanna a bheith oscailte do híosmhéid de 167 lá in aghaidh na bliana, le híosmhéid de 28 uair de theagasc in aghaidh na seachtaine.

- **An tAcht Oideachais (Leas) 2000**
  Éilíonn Alt 17 go gcuirfidh Tuismitheoir linbh faoi deara don leanbh lena mbaineann freastal ar scoil aitheanta gach lá scoile seachas in imthosca an-teoranta agus sonraithe, ar nós nuair atá an leanbh cláraithe a bheith á chothabháil in áit eile seachas scoil aitheanta.

- A bheith eolasach faoin mbileog Sheirbhísí Leasa Oideachais Túsla dar teideal *Don't Let Your Child Miss Out.*

- Caighdeáin arda a leagan síos dá bpáiste maidir le freastal agus poncúlacht.

- Teagmháil a dhéanamh leis an scoil má tá fadhb ann faoi fhreastal a bpáiste agus tacú le pleananna chun dul i ngleic leis an bhfadhb.

- A chinntiú go bhfreastalaíonn a bpáiste ar scoil go rialta agus go dtagann sé nó sí ar scoil in am.

- Bheith airdeallach gan a bpáiste a thabhairt amach ón rang mura bhfuil cúis thromchúiseach leis.

- Bheith airdeallach gan a bpáiste a tabhairt ar laethanta saoire le linn téarmaí scoile más féidir.

- Iarrtar ar Thuismitheoirí/Caomhnóirí an bhileog asláithreachta atá ar fáil sa dialann scoile (cúl) a líonadh, má tá scoláire as láthair ón scoil, deireanach ag teacht ar scoil nó ag imeacht luath ón scoil. Beidh ar an

| | |
|---|---|
| | scoláire an nóta seo a thabhairt don Príomhoide / Phríomhoide Tánaisteach ar an gcéad lá tar éis don scoláire filleadh ar scoil.<br><br>• I gcás aon asláithreacht fhadthéarmach, tá sé de dhualgas ar Thuismitheoirí/Chaomhnóirí údaráis na scoile a chur ar an eolas faoi.<br><br>• De réir an tAcht Oideachais (Leas) 2000 tá sé de dhualgas ar Thuismitheoir/Caomhnóir cinntiú go bhfaigheann a bpáistí oideachas go mbíonn siad sé bliana déag d'aois.<br><br>• Má tá scoláire deireanach ag teacht ar scoil nó ag imeacht luath ón scoil beidh ar an scoláire an taifead (síniú isteach/amach) a shíniú atá in oifig an rúnaí.<br><br>**Ról an Scoláire**<br><br>• Ba cheart do scoláirí dul ag ranganna in am i rith an lae scoile.<br><br>• Tá an fhreagracht ar an scoláire an bhileog asláithreachta a thabhairt don Phríomhoide / Phríomhoide Tánaisteach ar an gcéad lá tar éis don scoláire filleadh ar scoil.<br><br>• Tá sé de dhualgas ar an scoláire freastal ar gach rang i rith an lae scoile agus cead múinteora a fháil más gá an rang a fhágáil ar chúis ar bith.<br><br>• Más gá don scoláire an scoil a fhágáil rith an lae scoile, ní mór nóta a bheith ag an scoláire ó Thuismitheoir / Chaomhnóir i ndialann an scoláire. Tá freagracht ar an scoláire an nóta a thaispeáint don mhúinteoir ranga chun cead a fháil an seomra ranga a fhágail. Má tá scoláire ag imeacht idir ranganna caithfidh an scoláire an nóta a thabhairt don Phríomhoide. Tá freagracht ar an scoláire an taifead (síniú isteach/amach) a shíniú atá in oifig an rúnaí ag fágáil na scoile agus ar fhilleadh ar ais chuig an scoil. |
| Socruithe comhpháirtíochta (tuismitheoirí, daltaí, scoileanna eile, grúpaí óige agus pobail) | **Tuismitheoirí**<br>• Cuirtear tuismitheoirí / caomhnóirí ar an eolas faoin ról ríthábhachtach atá acu i ndea-bhfreastal scoile a n- iníon / mac ón gcéad bhliain.<br><br>• Iarrtar orthu leas a bhaint as an leath lae ar an Aoine chun a mac / iníon a thabhairt chug coinní.<br><br>• Tugear le fios dóibh, de réir an dlí, go bhfuil sé de dhualgas ar bhainistíocht na scoile Tusla a chur ar an eolas má chailleann a mac / iníon os cionn 20 lá scoile.<br><br>• Caighdeáin arda a leagan síos dá bpáiste maidir le freastal agus poncúlacht.<br><br>• Teagmháil a dhéanamh leis an scoil má tá fadhb ann faoi fhreastal a bpáiste agus tacú le pleananna chun dul i ngleic leis an bhfadhb. |

- A chinntiú go bhfreastalaíonn a bpáiste ar scoil go rialta agus go dtagann sé nó sí ar scoil in am.

- Gan a bpáiste a thabhairt amach ón rang mura bhfuil géar ghá leis.

**OLO**

- Nuair a fhaigheann siad cás tarchurtha ó scoil, déanfaidh Seirbhísí Leasa Oideachais Tusla an cás a scagadh agus tabharfaidh siad freagra don scoil. I gcás go ndéantar cás dalta a thabhairt chuig an Oifigeach Leasa Oideachais (OLO), déanfaidh sé nó sí plean a stiúradh chun iarracht a dhéanamh an fhadhb freastail atá ann a réiteach.

- Tá sé ríthábhachtach go mbeidh an scoil fós rannpháirteach sa phlean os rud é gurb ar an rannpháirtíocht sin a bheidh réiteach an cháis ag brath. Ag an bpointe seo díreofar ar thriail a bhaint as gach idirghabháil leasa is féidir chun dul i ngleic leis na fadhbanna freastail.

- I gcás ina mbíonn freastal níos fearr ann, is féidir an plean a chur ar leataobh de réir a chéile agus is féidir leis na daoine atá rannpháirteach ann tacaíocht níos lú a sholáthar, agus ag an am céanna a chinntiú go gcoinneofar an dul chun cinn atá déanta.

- I gcás go mbíonn fianaise ann nach bhfuil iarrachtaí á ndéanamh ag na tuismitheoirí chun tacú le freastal scoile a bpáiste, breithneofar ionchúiseamh faoin Acht Oideachais (Leas), 2000. Ceanglaítear faoin Acht go mbreithneofar gach cur chuige leasa sular féidir caingean dlíthiúil a thionscnamh i gcoinne tuismitheoir nach bhfuil ag cinntiú go bhfreastalaíonn a bpáiste ar scoil.

**Clár Críochnú Scoile**

- Tá nasc láidir ag Coláiste na bPiarsach leis an gClár críochnú scoile atá lonaithe ar an gCeathru Rua.

- Déantar cead tuismitheoirí / caomhnóirí a fháil sula bhfaigheann aon scoláirí tacaíocht ón gclár críochnú scoile.

- Nuair a aithnítear go bhfuil an baol ann go mbeidh fadhbanna freastal ag scoláire, teigheann an Príómhoide i dteagmháil le comhordnóir an chláir chun féidearthachtaí tacaíochtaí a phléigh.

- Nuair a aithnítear go bhfuil fadhb freastal ag scoláire, téann an Príomhoide i dteagmháil leis an clár críochnú scoile chun féidearthachtaí tacaíochtaí a phléigh.

**Scoláirí**

- Cuirtear scoláirí ar an eolas go bhfuil orthu a bheith ar scoil go mbeidh siad os cionn 16 agus ar a laghad an Teastas Shóisearaigh bainte amach acu.

- Déantar gach iarracht guth an scoláire a bheith lárnach i saol na scoile i gColáiste na bPiarsach.

- Déantar gach iarracht scoláirí a spreagadh le bheith páirteach i gComhairle na Scoláirí agus / nó Coiste na Folláine chun imeachtaí a chur chun cinn.

| | |
|---|---|
| | • Tugtar le fios go bhfuil freagracht ag na scoláirí fhéin maidir le na gcuid freastal scoile agus iad ar scoil i gColáiste na bPiarsach.<br><br>**Scoileanna eile**<br><br>• Déantar teagmháil leis na scoileanna náisiúnta éagsúla chun an t-aistriú ón mbunscoil chuig an mhéanscoil a eascú. Reachtáiltear imeachtaí éagsúla i rith na scoilbhliana chun deis a thabhairt do na bunscoileanna áitiúla aithne níos fearr a chur ar an mhéanscoil / foireann na scoile sula a dtosaíonn siad. |
| Cén chaoi a ndéanfar monatóireacht ar an Ráiteas Straitéise | Déanfar monatóireacht ar an Ráiteas Straiteise trí:<br>• Trí ról an Mhúinteora Teagmhálaí Baile.<br>• Trí chruinnithe foirne & Bord Bainistíochta<br>• Trí chruinnuithe 'JCSP', Coiste Cúraim, OLO & Clár Críochnú Scoile.<br>• Trí mhonatóireacht ar VSware / rollaí crua<br>• Athbhreithniú foirmiúil deireadh na bliana a dhéanamh ar an Ráiteas Straitéise mar chuid den tuarascáil bhliantúil ar fhreastal ón mBord Bainistíochta (de réir Alt 21(6)(a)(b) den Acht Oideachais (Leas), 2000) a ullmhú do Sheirbhísí Leasa Oideachais Tusla agus don Chomhlachas Tuismitheoirí. |
| An Próiseas Athbhreithnithe agus an data don athbhreithniú | Déantar athbhreithniú ar an Ráiteas Straitéis ag tús an scoilbhliana tríd na modhanna luaithe thuas<br>• Deiseanna a thabhairt do na baill foirne taithí a chomhroinnt faoin gcaoi a bhfuil ag éirí leis an straitéis agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn i leith spriocanna freastail ag cruinnithe foirne ar leith.<br>• Athbhreithniú foirmiúil deireadh na bliana a dhéanamh ar an Ráiteas Straitéise mar chuid den tuarascáil bhliantúil ar fhreastal ón mBord Bainistíochta (de réir Alt 21(6)(a)(b) den Acht Oideachais (Leas), 2000) a ullmhú do Sheirbhísí Leasa Oideachais Tusla agus don Chomhlachas Tuismitheoirí.<br><br>**Dáta don athbhreithniú Meán Fómhair 2020** |
| An dáta a d'fhaomh an Bord Bainistíochta an Ráiteas Straitéise | 30/01/2020 |
| An dáta a cuireadh an Ráiteas Straitéise faoi bhráid Tusla | 04/02/2020 |

Sínithe ______________________ Dáta 30/01/2020

Cathaoirleach, An Bord Bainistíochta

Sínithe Máirín Ní Mhainnín Dáta 30/01/2020

Príomhoide/Rúnaí ag an mBord Bainistíochta